Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14716/22**

**COPS 546**
**COHOM 139**
**CONUN 277**
**DEVGEN 203**
**CFSP/PESC 1540**
**CSDP/PSDC 772**
**RELEX 1521**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14499/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Mná, an tSíochán agus an tSlándáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Mná, an tSíochán agus an tSlándáil mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Samhain 2022.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MNÁ, AN tSÍOCHÁIN AGUS AN tSLÁNDÁIL

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár na luachanna uilíocha agus is tosaíochtaí iontu féin iad a dhéantar a phríomhshruthú trí bheartais uile an Aontais Eorpaigh. Meabhraítear don Chomhairle na Conclúidí uaithi maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (MSS) an 10 Nollaig 2018, athdhearbhaíonn sí bailíocht Chur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS, agus geallann sí go ndéanfar Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil 2019-2024 a chur chun feidhme ina iomláine. Is gá aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus dúshláin nua atá tagtha chun cinn. Tá cur chun feidhme iomlán ghealltanais chlár MSS chomh hábhartha agus a bhí riamh sa chomhthéacs geopholaitiúil reatha agus sa timpeallacht slándála athraitheach atá i gcroílár na síochána agus na slándála, mar a leagtar amach le rún 1325 (2000) agus le rúin ina dhiaidh sin.

2. Tacaíonn an Chomhairle leis an togra ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe sa tuarascáil uaidh *Our Common Agenda* [Ár gClár Oibre Coiteann] maidir le Clár Oibre Nua don tSíocháin lena n-áireofaí cur leis an gclár oibre MSS atá ann cheana chun go gcuirfí mná agus an comhionannas inscne i gcroílár na síochána agus na slándála.

3. Cuireann an Chomhairle i dtreis an tábhacht pholaitiúil a bhaineann le clár oibre MSS agus is díol sásaimh di go bhfuil sé ionchorpraithe i mbeartais agus pleananna gníomhaíochta éagsúla de chuid an Aontais ó glacadh Conclúidí 2018 ón gComhairle. I ndáil leis an méid sin, ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis de chuid an Aontais maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025, agus Plean Gníomhaíochta Inscne de chuid an Aontais (PGI) III dar teideal *An Ambitious Agenda for Gender Equality and Women's Empowerment in EU External Action* [Clár Oibre uaillmhianach don Chomhionannas Inscne agus do Chumhachtú na mBan i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais] *2021-2025*, agus fógraíodh gur dhíol sásaimh iad i gConclúidí ón Uachtaránacht an 16 Nollaig 2020. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tuairisciú faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh agus na ceachtanna a foghlaimíodh agus na gealltanais MSS á gcur chun feidhme maidir leis na beartais agus na pleananna gníomhaíochta éagsúla agus ullmhóidh sí conclúidí oibríochtúla chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht i ndáil leis sin.

4. Is cúis imní don Chomhairle an éifeacht dhíréireach atá ag coinbhleachtaí armtha i gcónaí ar mhná agus ar chailíní ar fud an domhain, chomh maith le leitheadúlacht an fhoréigin ghnéasaigh agus an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleachtaí, as líne agus ar líne. Cuirfidh an Chomhairle feabhas ar a hiarrachtaí chun foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac d'fhonn cuntasacht iomlán a áirithiú agus an tsaoirse ó phionós a chomhrac, agus molfaidh sí do na geallsealbhóirí uile páirt a ghlacadh san iarracht chomhchoiteann sin. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go gcuirfidh an tAontas cur chuige comhordaithe i bhfeidhm maidir le maolú riosca agus cosc ar gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, agus áiritheoidh sí go mbeidh na freagairtí dírithe ar íospartaigh agus ar mharthanóirí agus go mbeidh siad íogair ó thaobh an tráma de, lena n-áirítear trí rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe, chomh maith le tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceolaíoch. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici seasamh leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós i gcás coireanna idirnáisiúnta, go háirithe nuair a úsáidtear an t-éigniú mar arm cogaidh.

5. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus do na cearta a bhaineann leo. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh an chirt atá ag gach duine smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus atáirgthe, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach acu ina leith sin, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis inacmhainne chuimsitheach ar ardchaighdeán, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis agus seirbhísí cúraim sláinte.

6. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an fhrithfhreagairt dhomhanda atá ann i gcoinne mná agus cailíní a bheith i dteideal cearta an duine a theachtadh go hiomlán agus go comhionann, agus an meath atá ag teacht ar shlándáil agus ar shábháilteacht do mhná agus do chailíní. Cáineann an Chomhairle na bearta díoltais, an foréigean, na bagairtí agus na hionsaithe, atá ag dul i méid, i gcoinne na mban agus na gcailíní, as líne agus ar líne araon, go háirithe dírithe ar chosantóirí chearta an duine ar mná iad, ar iriseoirí ban, ar chothaitheoirí síochána ar mná iad, ar eagraíochtaí atá faoi stiúir na mban, ar mhná atá gníomhach ó thaobh na polaitíochta de, ar cheardchumannaithe ban, ar mhná a bhfuil orthu easáitiú a dhéanamh agus dul ar imirce, agus ar gach bean agus cailín eile atá in áiteanna atá buailte ag coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, go háirithe san Afganastáin, sa Cholóim, san Aetóip, i Maenmar, sa tSiria agus in Éimin. Molann sí don Ardionadaí, d'Ambasadóir SEGS um Inscne agus Éagsúlacht agus do na Ballstáit dlús a chur leis an gcomhar le heagraíochtaí eile idirnáisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí chearta na mban, cosantóirí chearta an duine ar mná iad agus cothaitheoirí síochána ar mná iad chun aghaidh a thabhairt ar na treochtaí sin.

7. Iarrann an Chomhairle an athuair go neartófaí rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán chomhionann fhóinteach na mban agus na gcailíní maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach le linn thimthriall iomlán na coinbhleachta, lena n-áirítear san idirghabháil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, i mbainistiú géarchéime, i gcothú na síochána agus i gcoimeád na síochána, i gcaibidlíocht síochána, i ndíshlógadh, i ndí-armáil agus in athimeascadh, in athchóiriú na hearnála slándála agus i bpróisis téarnaimh agus atógála eile. Meabhraíonn an Chomhairle a tiomantas tacú le rannpháirtíocht chomhionann iomlán éifeachtach fhóinteach a bheith ag mná agus an óige, ina n-éagsúlacht uile, lena n-áirítear i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024. Tá gá le méadú suntasach ar cheannaireacht agus rannpháirtíocht na mban i ngach gné den tsíocháin agus den tslándáil, ní hamháin ar mhaithe le cearta an duine agus comhionannas inscne, rialachas cuimsitheach agus comhtháthú sóisialta, ach freisin chun coinbhleachtaí agus géarchéimeanna a réiteach ar bhealach inbhuanaithe.

8. Tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag eagraíochtaí atá faoi stiúir ban, ag cosantóirí chearta an duine ar mná iad agus ag cothaitheoirí síochána ar mná iad, maidir le hathrú agus gealltanais i gclár oibre MSS a bhaint amach. Is minic a bhíonn orthu dul i ngleic le bagairtí slándála, le himeaglú agus le ciapadh ar leith agus tá ár n-aitheantas, ar dtacaíocht agus ár gcosaint tuillte acu. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá comhar láidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun gealltanais maidir le comhionannas inscne agus MSS a chur chun feidhme agus chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach. Tá meas aici ar an ról ríthábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta, ag eagraíochtaí ban an phobail, ag cothaitheoirí síochána agus ag cosantóirí chearta an duine trí rannpháirtíocht ghníomhach, trí chomhairliúchán agus trína lánpháirteachas, lena n-áirítear sa chomhthéacs daonnúil agus géarchéime. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí, ar na Ballstáit, ar Ionadaithe Speisialta an Aontais, ar Thoscairí Speisialta an Aontais agus ar ionadaithe eile de chuid an Aontais a gcomhar agus a gcomhairliúchán le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú tuilleadh, lena n-áirítear eagraíochtaí atá faoi stiúir ban, chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a áirithiú. Molann an Chomhairle do na Ballstáit eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá faoi stiúir ban agus atá dírithe ar mhná a chur san áireamh i gceapadh beartas agus tionscadal, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht na gclár oibre MSS.

9. Is cúis mhór imní é an tionchar atá ag cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar na mná agus ar na cailíní uile, agus is cúis ollmhór bhuartha í an fhianaise mhéadaitheach go bhfuil foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe in úsáid, lena n-áirítear in úsáid mar oirbheart cogaidh, ag fórsaí armtha na Rúise agus ag eintitis pharaimíleata atá faoi rialú fhórsaí armtha na Rúise. Sa chomhthéacs sin, chinn an Coimisiún Neamhspleách Idirnáisiúnta Fiosrúcháin maidir leis an Úcráin go ndearnadh coireanna cogaidh san Úcráin. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá cuntasacht iomlán a áirithiú maidir le coireanna gnéis agus coireanna inscnebhunaithe. Tá sé ríthábhachtach cur chuige inscne-fhreagrúil, atá dírithe ar mharthanóirí agus atá íogair ó thaobh tráma, a ráthú i ngach iarracht chun freagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, eadhon sa fhreagairt dhaonnúil, sa fhreagairt géarchéime, agus sna hiarrachtaí síochána, slándála agus atógála níos fadtéarmaí. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí na hÚcráine a dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le MSS 2021-2025 a chur chun feidhme agus tacaíonn sí leis na hiarrachtaí sin.

10. Léiríonn an chos ar bolg fhoréigneach leanúnach san Iaráin i gcoinne agóideoirí, lena n-áirítear mná agus leanaí, a phráinní atá clár oibre MMS agus iarrtar go dtacóimid leis. Ní mór cearta na mban agus na gcailíní san Iaráin a urramú agus a choimirciú, agus a rannpháirtíocht iomlán chomhionann fhóinteach sa saol poiblí a áirithiú, lena n-áirítear sa chinnteoireacht. Tá an Chomhairle ag súil go gcloífidh údaráis na hIaráine leis na prionsabail a chumhdaítear faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR), a bhfuil an Iaráin ina páirtí ann, go háirithe trí urraim a thabhairt don cheart chun neamh-idirdhealú agus don cheart comhionann atá ag fir agus mná cearta sibhialta agus polaitiúla a theachtadh mar a ráthaítear faoi ICCPR. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar údaráis na hIaráine gach duine a bhí páirteach san agóidíocht neamhfhoréigneach a scaoileadh saor, próis chuí a chur ar fáil do gach duine atá á choinneáil agus soiléiriú a thabhairt maidir le líon na ndaoine a fuair bás agus a gabhadh.

11. Is cúis mhór imní di go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas i gcónaí maidir le staid na mban agus na gcailíní san Afganastáin. Cáineann an Chomhairle an rolladh siar córasach atá ar bun ag an Talaban i leith cearta daonna agus saoirsí bunúsacha na mban agus na gcailíní. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit iarrachtaí spriocdhírithe substaintiúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an staid agus chun a áirithiú go mbeidh mná na hAfganastáine lánpháirteach in idirphlé beartais maidir leis an Afganastáin. I ndáil leis sin, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá tionscnaimh chun clár oibre MSS a chur chun cinn, mar shampla bunú Fhóram Cheannairí Ban na hAfganastáine arna éascú ag an Aontas.

12. Tá clár oibre MSS lárnach do dhúshláin dhomhanda chomhaimseartha na síochána agus na slándála. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle chun suntais go bhfuil coinbhleacht armtha chomh maith le dúshláin slándála nua, atá ag teacht chun cinn agus atá ag éirí níos casta, mar shampla, an t-athrú aeráide, éiginnteacht an tsoláthair bia, an ganntanas uisce agus acmhainní nádúrtha eile, paindéimí, lena n-áirítear tionchar COVID-19, dúshláin fuinnimh, an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe, imirce agus easáitiú éigeantach, an gháinneáil ar dhaoine, rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus le teicneolaíochtaí suaiteacha agus le bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear na cibirionsaithe agus an bhréagaisnéis, go bhfuil tionchar díréireach acu sin sin ar fad ar mhná agus ar chailíní agus go bhfuil meath foriomlán tagtha ar sheasamh na mban agus na gcailíní dá réir, rud a fhágann go bhfuil iarmhairtí díobhálacha ag an méid sin ó thaobh cearta an duine a bheith á dteachtadh ag mná agus cailíní ar fud an domhain. Geallann an tAontas agus na Ballstáit go bhféachfaidh siad le tuiscint a fháil ar ghnéithe inscne na rioscaí slándála agus go ngníomhóidh siad maidir leo sin ionas nach ndéanfar géarú ar leochaileachtaí, ach go nochtfaidh siad freisin pointí iontrála nua chun an comhionannas inscne a chur chun cinn, an athléimneacht a fheabhsú agus an tsíocháin a chothú. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh aon fhreagairt a dhéanfar bunaithe ar an méid seo a leanas:

– Anailís inscne ar na cúiseanna, na hiarmhairtí agus na himpleachtaí beartais, agus úsáid á baint as staidreamh inscnebhunaithe ar shonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne, aoise agus míchumais de, chun freagairt níos éifeachtaí, níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe a áirithiú;

– Mná a bheith lánpháirteach, ar bhealach iomlán comhionann fóinteach, i ngach céim de thimthriall na coinbhleachta;

– Foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a chosaint;

– Ceannaireacht chuimsitheach fhoriomlán inscne-fhreagrúil sa pholaitíocht agus sa chinnteoireacht a bhaineann leis an tslándáil i gcoitinne.

13. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá obair leantach a dhéanamh ar na gealltanais a tugadh i ndáil le MSS a chomhtháthú sa Chompás Straitéiseach, i gCoincheap 2020 maidir le hIdirghabháil Síochána an Aontais agus i dTreoirlínte Idirghabhála an Aontais, chomh maith leis na hiarrachtaí a rinneadh chun gné na hinscne agus gealltanais WSP a chur chun cinn agus a áirithiú chun Coincheap Cobhsaíochta an Aontais agus Comhshocrú Sibhialtach CBSC 2.0 a fhorbairt. Tá an Chomhairle tiomanta líon na mban i ngach feidhm a mhéadú, lena n-áirítear poist cheannaireachta. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle gur gá MSS a chomhtháthú go hiomlán sa dá cholún den tSaoráid Eorpach Síochána. Ba cheart do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais rannchuidiú ar bhealach gníomhach le cearta daonna na mban agus na gcailíní a bhaint amach, lena n-áirítear foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc.

14. Meabhraíonn an Chomhairle nach mór a áirithiú go ndéantar príomhshruthú inscne, go mbeidh saineolas agus go ndéantar clár oibre MSS a chur chun feidhme i misin agus in oibríochtaí CBSC, go ndéantar feasacht staide mar aon le bearta coisctheacha agus cosanta a fheabhsú, mar aon le pleanáil, stiúradh, obair leantach, faireachán agus meastóireacht fhoriomlán na misean agus na n-oibríochtaí a fheabhsú freisin. Tá sé sin i gcomhréir leis an Straitéis agus leis an bPlean Gníomhaíochta chun Rannpháirtíocht na mBan i Misin Shibhialtacha CBSC 2021-2024 a fheabhsú. Iarrann an Chomhairle ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh misin agus oibríochtaí CBSC an comhionannas inscne a chur chun cinn a thuilleadh, agus béim á leagan freisin ar rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban i bhfeidhmeanna uile sibhialtacha agus míleata CBSC, lena n-áirítear i bpoist cheannaireachta. Ba cheart ceannaireacht inscne-fhreagrúil a chothú trí shaineolas inscne a neartú laistigh de struchtúr bainistíochta CBSC (SEGS), lena n-áirítear struchtúir mhíleata an Aontais. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas agus ar na Ballstáit gréasán na gcomhairleoirí um chearta an duine agus um inscne a neartú i misin agus in oibríochtaí CBSC, i gcomhréir leis an ngealltanas i gCompás Straitéiseach an Aontais a socraíodh do 2023. Iarrann an Chomhairle go leanfar de bheartas coscbhunaithe neamhfhulaingthe a chur chun feidhme i dtaca le gach cineál teacht i dtír gnéasach, mí-úsáid agus ciapadh gnéasach a rinne baill foirne de chuid an Aontais nó baill foirne a imscaradh i misin agus oibríochtaí CBSC, lena n-áirítear ceannasaithe/bainisteoirí, conraitheoirí nó comhpháirtithe. Molann sí don Aontas agus do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin sa chéad chomhshocrú sibhialtach eile de chuid CBSC.

15. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil cur chun feidhme chlár iomlán MSS ina phríomhthosaíocht i gcónaí don chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime, mar a formhuiníodh sna conclúidí uaithi an 24 Eanáir 2022, agus do chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile amhail ESCE, ECAT agus an tAontas Afracach. Iarrann sí go ndéanfaí iarracht níos mó chun dlús a chur leis an ngealltanas comhpháirteach idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le MSS a oibríochtú, agus aird ar leith á tabhairt ar chosantóirí chearta an duine agus ar chothaitheoirí síochána ar mná iad a chosaint ar bhearta díoltais, ar bhagairtí agus ar fhoréigean. Molann an Chomhairle don Aontas agus do na Ballstáit cur chuige inscne-fhreagrúil a ghlacadh go córasach, agus gné agus anailís inscne a chomhtháthú, mar aon le lánpháirteachas na mban i ngníomhaíochtaí seachtracha uile an Aontais, lena n-áirítear gach gníomhaíocht CBES/CBSC, sibhialta agus míleata, agus in idirphlé polaitiúil, in idirphlé maidir le cearta an duine agus i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

16. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici sainordú agus obair Ambasadóir SEGS ar Inscne agus Éagsúlacht chun gealltanais MSS a chomhtháthú a thuilleadh i ngníomhaíocht an Aontais. Chun na críche sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann go gcuirfidh an tAontas agus na Ballstáit cuir chuige inscne-fhreagrúla i bhfeidhm sna hiarrachtaí uile atá dírithe ar choinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, ar chaibidlíocht síochána, ar an tslándáil, ar chothú na síochána, ar an tsíochánaíocht, ar an bhfreagairt dhaonnúil chomh maith le fóirithint, téarnamh agus atógáil na stát atá buailte ag coinbhleacht, lena n-áirítear próisis ceartais idirthréimhsigh, agus rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban a áirithiú sna próisis sin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) a mheas cé mar is féidir MSS a chomhtháthú agus a phríomhshruthú go córasach san idirphlé polaitiúil agus slándála.

17. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá SEGS, lena n-áirítear Foireann Mhíleata an Aontais, seirbhísí an Choimisiúin agus na Ballstáit dea-chleachtais a fhorbairt agus a mhalartú maidir le táscairí inscne-fhreagrúla maidir le cuntasacht, sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne agus aoise de le haghaidh anailís inscne i ngach clársceidealú, maoiniú agus gníomhaíocht CBSC a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, d'fhonn a bheith in ann an dul chun cinn a rianú agus faireachán a dhéanamh air agus cearta daonna na mban a chaomhnú agus clár oibre MSS a chur chun cinn. Meabhraítear di, i ndáil leis sin, ról Thascfhórsa an Aontais maidir le MSS mar fhóram tábhachtach don mhalartú agus don chomhpháirtíocht idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus an tsochaí shibhialta agus, iarrann sí ar an Aontas agus ar na Ballstáit leas a bhaint as sineirgí ó chreataí idirnáisiúnta a bhaineann le faireachán agus tomhas tionchair, de réir mar is iomchuí.

18. Tá an Chomhairle lántiomanta i gcónaí a áirithiú go gcuirfear clár iomlán MSS chun feidhme agus leanfaidh sí de bheith rannpháirteach maidir leis an tsaincheist sin.